# Ráiteas Eolas Cosaint Leanaí
# Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge

## 1. Ainm na seirbhíse atá á cur ar fáil

Is eagraíocht dheonach Gaeilge don óige í Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge do dhaoine óga, 10-18 mbliana d'aois.
Eagraímid clubanna óige agus imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge, chun gréasáin shóisialta de Ghaeilgeoirí óga a fhorbairt chun úsáid na Gaeilge taobh amuigh den scoil a chur chun cinn.

## 2. An cineál seirbhíse agus na bunphrionsabail atá ag an seirbhís chun daoine óga a chosaint ó dochar

Tá foireann agus Coiste Ceannais Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge lántiomanta do aird a thabhairt ar riachtanais na hóige inár gcuid oibre. Dearbhaímid go gcuirtear timpeallacht agus taithí shábháilte ar fáil ag imeachtaí clubanna Feachtas, áit a dtugtar tús áite i gcónaí d'fholláine agus do leas an óige. Tá Polasaí Cosanta Leanaí Feachtas ag teacht leis an reachtaíocht san Acht Tús áite do Pháistí, an Treoir Náisiúnta Páistí chun Tosaigh, agus Cosaint Leanaí:Treoir don Pholasaí.

## 3. Measúnú riosca

Rinneamar measúnú ar an acmhainneacht dochair don duine óg atá ag baint úsáide as ár seirbhísí. Dá bharr seo tá clár riosca déanta ag Feachtas agus aithníonn an clár riosca seo na rioscaí ar fad agus conas iad a sheachaint.

## 4. Gnáthnósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas Cosaint Leanaí chun teacht leis na riachtanais faoin

*Acht Tús Áite do Pháistí, an Treoir Náisiúnta Páistí chun Tosaigh* agus *Cosaint Leanaí:Treoir don Pholasaí, Nósanna Imeachta agus Cleachtais* atá ag Tusla. Chomh maith leis na nósanna imeachta a ainmníodh inár measúnú riosca, tá nósanna imeachta againn chun tacú lenár n-aidhmeanna chun daoine óga a chosaint le linn dóibh a bheith ag glacadh páirte inár gclubanna agus sna himeachtaí a eagraímid.Tá na gnáthnósanna seo ar fail ar iarratas.

## 5. Feidhmiú

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an feidhmiú. Tá ár n-eagras tiomanta d'fheidhmiú an *Ráiteas Cosaint Leanaí* agus do na nósanna imeachta a thacaíonn lenár n-aidhmeanna chun daoine óga a choinneáil slán ó dhochar agus iad ag glacadh páirte inár gclubanna agus ár n-imeachtaí.

Déanfar athbhreithniú ar an *Ráiteas Cosaint Leanaí* seo 02 Márta 2020 nó chomh luath agus is féidir i ndiaidh athrú suntasach san ábhar atá faoi bhráid an Ráitis.

Sínithe ag:____Loretta Ní Churraighín

______________________________________________

Dáta:_________16.06.2023

## Ainm agus sonraí teagmhála:

Loretta Ní Churraighín

Rphoist:loretta@feachtas.ie

Fón:01 865 6758 / 087 904 6136

Má tá ceist agat, déan teagmháil le Loretta Ní Churraighín (an duine cuí faoi Acht tús áite do Leanaí 2015)

**Feachtas-Óg Ghluaiseacht Gaeilge, 518 an tSráid Mór, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24,D24 P298**